



Deacrachtaí Urlabhra, Teanga agus Cumarsáide



Department of
Education

www.deni.gov.uk

AN ROINN

Oideachais

MÁNNYSTRIE O

Lear

Ag freastal ar Riachtanais Daltaí a bhfuil Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Cumarsáide acu

INTREOIR

Tuigimid mar mhúinteoirí an tábhacht atá le teanga mar ghléas cumarsáide agus mar mheán teagaisc araon. Cuireann scileanna atá bunaithe go maith ar chumas páistí caidreamh sóisialta a bhunú agus a chothú le daoine eile, a gcuid smaointe agus mothúcháin a chur in iúl, an domhan thart orthu a léiriú agus a thuiscint. Tá dlúthbhaint fosta ag teanga le forbairt chogneolaíoch (cognaíoch?) an dalta, chomh lena gciall don fhéiniúlacht agus gur de phobal iad.

Éiríonn le cuid mhór daltaí a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide (SLCN) acu san oideachas príomhshrutha, go háirithe mar a mbíonn scoileanna i bhfách le socruithe oibre i gcomhpháirt agus mar a mbíonn fáil ag múinteoirí ar oiliúint speisialtóireachta agus ar na hacmhainní atá de dhíth orthu.

Tugtar sa mhír seo forbheathnú do mhúinteoirí ar na príomhchineálacha deacrachtaí urlabhra agus teanga a bhíonn ag daltaí ar scoileanna príomhshrutha, chomh maith le samplaí gairide ar an dóigh ar féidir freastal ar riachtanais na ndaltaí. is díol spéise nach le daltaí a bhfuil deacrachtaí urlabhra agus teanga acu amháin a bhaineann na straitéisí a mholtar. Cuireann na straitéisí céanna go mór le cleachtas seomra ranga níos fearra chur chun cinn agus is le leas fhoghlaim gach páiste iad.

Cad iad Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid?

Tagraíonn Urlabhra do:	Tagraíonn Teanga do: labhairt (léiriú) agus tuiscint (glacadh)	Tagraíonn Cumarsáid do: an dóigh a n-idirghníomhaímid le daoine eile (pragmatach/sóisialta)
<ul style="list-style-type: none"> ○ Fuaimeanna a rá go beacht agus san háiteanna cearta i bhfocail; ○ Na fuaimeanna a dhéanann daoine le focail a chur i bhfriotal ○ Labhairt go líofa, gan moill a dhéanamh gan focail nó fuaimeanna a fhadú (prolonging) nó a athrá; agus ○ Labhairt faoi fhriotal (with expression) le guth soiléir, ag úsáid pitch, voume agus tuiníocht leis an chiall a dhaingniú. 	<ul style="list-style-type: none"> ○ Focail a úsáid le habairtí a chruthú, abairtí le comhráite agus píosaí teanga labhartha níos faide a chruthú; agus ○ Ciall agus tuiscint a bhaint as a ndeir daoine. 	<ul style="list-style-type: none"> ○ Teanga a úsáid le coincheapa agus smaointe a léiriú ○ Teanga a úsáid ar dhóigheana difriúla; le ceistiú, soiléiriú, cur síos srl.; ○ Rialacha neamhbhriathartha cumarsáide; éisteacht go maith, amharc ar dhaoine eile fios a bheith agat an dóigh le labhairt le daoine eile agus sealanna a ghlacadh, an dóigh le húsáid teanga a athrú lena cur in oiriúint don chás nó don duine lena bhfuiltear ag caint; ○ Bheith in inmhe dearcadh, mianta agus an comhthéacs is leithne daoine eile a chur san áireamh; agus ○ Éiríonn le cuid mhór daltaí cumarsáid a dhéanamh trí dhóigheanna neamhbhriathartha, amhail comharthaíocht, geaitsí, leabhair chumarsáide nó trealamh leictreonach cumarsáide a úsáid.

D'fhéadfadh neamhoird teanga glactha (receptive), léirithe (expressive) nó ginearálta (global) a bheith ag daltaí. D'fhéadfaí gur easpa féinmhuiníne agus féinmheas íseal an toradh ar neamhoird teanga, rud a theann i bhfeidhm ar chaidreamh idir phearsanta agus shóisialta.

Léiríonn torthaí taighde gur dóichí fadhbanna iompraíochta a bheith ag daltaí a bhfuil na neamhoird is casta orthu. Is gá na scileanna urlabhra, teanga agus cumarsáide sóisialta a fhoghlaimíonn daltaí eile go nádúrtha a theagasc go díreach do chuid mhór daltaí.

Forleithne

Bíonn éagsúlacht sna figiúirí a bhaineann le forleithne na deacrachta teanga agus cumarsáide. De réir Dhaonáireamh Scoileanna 2009-2010 na Roinne Oideachais, tá líon iomlán 8,650 dalta a sainaitheann deacrachtaí urlabhra, teanga agus cumarsáide a bheith acu.

De réir tuarascála a rinneadh in Éirinn (ROE, 2005), is cosúil go léiríonn torthaí taighde go bhfuil na figiúirí sa réimse idir 2 agus 10 faoin chéad. Má ghlactar leis na figiúirí seo, is dócha go mbíonn deacracht teanga agus cumarsáide ag suas le 3 pháiste i rang de 30 páiste.

3 Dhalta i Rang 30 Dalta

Forbhreathnú

Máchail (impairment) Shainiúil Urlabhra agus Teanga

Is féidir smaoineamh ar Mháchail Shainiúil Urlabhra agus Teanga i dtéarmaí daltaí a bhfuil a gcumas neamhbhriathartha sa bhand mheánach nó níos airde agus a bhfuil a scil tuisceana nó a gcur féin in iúl trí mheán na teanga labhartha severely impaired. (SERC, 1993)

Cad iad Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Cumarsáide?

Is téarma cineálach é seo a chumhdaíonn speictream leathan de riachtanais teanga lena n-áirítear: moill theanga agus neamhord teanga.

Moill

Tagraíonn sé seo do dhaltaí a mbíonn gnáthphatrúin forbartha acu ach nach mbíonn ag an chéim theanga a mbítear ag súil léi dá n-aois chróineolaíoch.

Neamhord

Is é seo nuair nach bhfuil scileanna urlabhra agus teanga an dalta ag forbairt ar an dóigh a bhforbraíonn siad do bhunús gach páiste. D'fhéadfadh dalta a bhfuil neamhord urlabhra aige/aici meancóga a dhéanamh le fuaimniú focal nó stutter a bheith acu. D'fhéadfadh sealbhú teanga bheith lag fosta, m.sh. d'fhéadfaí go dtuigfí coincheapa deacra ach nach dtuigtear coincheapa bunúsacha eile m.sh. dath, méid.

Cad Chuige a bhFuil Teanga Tábhachtach?

Léiríonn na pointí seo a leanas cad chuige a bhfuil teanga tábhachtach:

- cuireann teanga ar ár gcumas ár gcuid riachtanas, barúlacha agus smaointe a chur in iúl;

- tá teanga tábhachtach ó thaobh na forbartha cogneolaíochta de; gan teanga níl an t-amhábhbar againn lena mbíimid ag réasúnú agus ag smaoineamh;
- tá idirghníomhú dearfach sóisialta go mór i dtuilleamaí ar scileanna éifeachtúla teanga agus cumarsáide; agus
- tá teanga tábhachtach ó thaobh ár n-iompraíocht agus ár gcuid freagairtí féin a rialú (féin-chaint).

(Westwood, 2003)

Is féidir teanga a bhriseadh anuas ina ionchur (glacadh) agus aschur (léiriú). D'fhéadfadh daltaí a bhfuil SLCN acu deacrachtaí a bheith acu i réimse ar bith nó i ngach réimse teanga, lena n-áirítear moirfeolaíocht, comhréir/gramadach, seimeantaic, pragmataic agus fóineolaíocht;

Is féidir fosta teanga a theagasc i dtéarmaí ciona (content), foirme agus úsáide.

moirfeolaíocht comhréir seamantaic pragmataic fóineolaíocht

- **Moirfeolaíocht** – an dóigh a n-athraíonn struchtúir focal (cuir, ag cur, chuir).
- **Comhréir** – córas gramadaí teanga, an dóigh a gcumashtar focail agus cuid d'fhocail i bhfrásaí agus in abairtí.
- **Seamantaic** – an chiall atá le focail, cuid d'fhocail agus de fhrásaí agus abairtí.
- **Pragmataic** – an dóigh a n-úsáidimid teanga i suíomhanna difriúla agus mar a chuirimid mothúcháin in iúl.
- **Fóineolaíocht** – na fuaimeanna atá i dteanga.

An Dóigh le Tacú le Páistí a bhFuil Deacrachtaí Urlabhra acu

Is minic múinteoirí ag streachailt leis an dóigh le freastal ar riachtanais daltaí d'ainneoin iad bheith in ann a shainaithint gan stró go bhfuil deacrachtaí urlabhra ag an dalta.

D'fhéadfadh deacrachtaí Fóineolaíochta nó Articulatory a bheith ag an dalta.

Fóineolaíocht

Tagraíonn sé seo do chóras fuaime atá moillithe nó neamhordaithe

- D'fhéadfadh roinnt daltaí a bhfuil deacrachtaí urlabhra acu fadhbanna a bheith acu le hionchur urlabhra m.sh. idirdhealú idir focail a bhfuil fuaimeanna acu atá cosúil lena chéile.
- D'fhéadfadh cuid acu stóráil focal mhíchruinn nó trína chéile a bheith acu, rud a fhágann rochtain na bhfocal deacair acu m.sh. deacrachtaí aimsithe focal nó iad a tháirgeadh go soiléir as siocair gnéithe den stór focal a bheith ar iarraidh.

Articulatory

Tagraíonn sé seo do mheicníocht na hurlabhra, mar shampla, mar a chruthaítear fuaimeanna urlabhra. Áirítear air seo dyspraxia, dysarthia nó cleft lip agus/ nó palate. D'fhéadfadh deacracht a bheith acu focail a fhuaimniú ag leibhéal aschuir articulatory cé go bhfuil a fhios acu go maith cé na focail atá i gceist.

Maidir le deacrachtaí leanúnacha, d'fhéadfadh gach gné den phróiseáil bheith i gceist agus d'fhéadfadh deacrachtaí teanga a bheith ann chomh maith. D'ainneoin nach mbíonn deacrachtaí bainteacha litearthachta ag dul le gach deacracht urlabhra agus teanga, is mó an riosca atá i gceist, i dtaca le deacrachtaí bainteacha léitheoireachta, litrithe agus, in amanna, mata, ag daltaí a mhaireann a ndeacrachtaí urlabhra níos faide ná 5 bliana d'aois.

Snámhann an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht ar mhuir na cainte
(Britton, 1973)

Straitéisí Teagaisc agus Foghlama

Ba chóir do mhúinteoirí:

- eolas a chur ar chóras fuaimeanna an dalta agus na fuaimeanna ionaid (substitutions) a dhéanann siad;
- freagrairt dá bhfuil le rá ag an dalta seachas chomh soiléir a labhraíonn siad;
- an chuid den chaint/comhrá nár thuig siad a athrá;
- an dalta a spreagadh le geaitsí, líníocht nó scríbhneoireacht a úsáid le tuiscint a éascú;
- gan síor-athrá a iarraidh maidir le focail mífhuaimnithe;
- a chinntiú go bhfuil an dalta ar a s(h)uaimhneas agus féinmheas agus muinín a chothú;
- tagairt d'idirghníomhú/caint mhaith agus iad a mholadh;
- buanna eile an dalta a shainaitheint agus a mholadh;
- smaoinemh ar an áit sa 'scuaine' a n-iarrtar ar an dalta freagra a thabhairt; is fearr áit éigin gar don tús ionas go mbíonn eiseamláir mhaith ar fhreagra acu, gan an dalta a fhágáil go dtí an deireadh óir d'fhéadfaí go mbeadh tionchar ar scileanna cuimhne;
- an méid a dúirt an dalta a athrá mar is ceart ionas go gcluineann siad an fuaimniú ceart;
- gan a iarraidh ar an dalta focail a athrá i do dhiaidh; agus

- a iarraidh ar thuismitheoirí dialann bhaile/scoile a úsáid le heolas a thabhairt ar imeachtaí corraiteacha a bhíonn ag titim amach sa bhaile, sa dóigh go mbíonn comhthéacs ag an mhúinteoir nuair a bhíonn ceisteanna á gcur ar an dalta.

Úsáid Ghlachtha (Receptive), Léirithe (Expressive) agus Phragmatach Teanga

Scileanna glachtha teanga

Cuireann [scileanna glachtha teanga] síos ar chumas tuisceana na teanga labhartha. Is féidir tagairt dóibh fosta mar 'scileanna tuisceana briathartha' agus is den riachtanas iad leis an churaclam iomlán a rochtain.

(McMahon agus Mulholland, 2007)

Is gnéithe de scileanna glachtha teanga iad na pointí seo a leanas. D'fhéadfadh daltaí:

- deacrachtaí a bheith acu le gnáthaimh an ranga;
- deacrachtaí a bheith acu díriú ar a gcuid oibre;
- brath barraiocht ar amharc ar obair daoine eile leis an mhéid atá le déanamh a chóipeáil nó níos mó geaitsí a bheith de dhíth orthu le go dtuigeann siad cúrsaí;
- deacrachtaí a bheith acu coincheapa teibí a thuiscint (a théann i bhfeidhm ar réimsí foghlama, go háirithe Matamaitic agus Uimhearthacht agus An Domhan Thart Orainn);
- treoracha a bheith de dhíth orthu arís is arís eile nó iad a bheith briste anuas agus simplithe;
- freagraí michuí a thabhairt ar cheisteanna a chuirtear orthu;
- tarraingt siar ó thascanna nó ó ghníomhaíochtaí nach dtuigeann siad;

- macalla a dhéanamh den mhéid a deirtear leo (echolalia);
- deacrachtaí a bheith acu focalstór úr a fhoghlaim;
- freagraí neamhábhartha nó míchuí a thabhairt ar an ábhar nár thuig siad an chiall intuigthe (underlying);
- gan bheith ábalta gothaí gnúise a léamh agus dul isteach i spás pearsanta daoine;
- rudai a ghlacadh go litriúil;
- deacrachtaí iompraíochta a bheith acu.

Straitéisí le Tacú le Páistí a bhFuil Deacrachtaí Teanga Glactha acu

Ba chóir do mhúinteoirí:

- intinní sainiúla foghlama a bheith acu ar chóir iad a thabhairt don rang;
- a sheiceáil go bhfuil an dalta ag éisteacht agus éisteacht ghníomhach a spreagadh;
- ainm an dalta a rá nó teagmháil súl a dhéanamh (más cú) roimh threoir a thabhairt;
- straitéisí amhairc agus ciúnna neamhbhriathartha a úsáid le tacú lena bhfuiltear a rá;
- cuidiú leis an dalta naisc a dhéanamh le heolas agus le taithí atá aige/aici cheana;
- beagán béime a chur ar eochairfhocail;

- smaoinemh ar fhad na treorach a thugtar, is úsáideach smaoinemh i dtéarmaí cé acu is treoir amháin nó iltreoir atá i gceist. Is fearr treoir amháin a thabhairt ag am amháin le ligean do dhaltá seo a phróiseáil roimh an chead treoir eile;
- smaoinemh ar chastacht a bhfuil á rá m.sh. "sula dtéann tú amach, caithfidh tú do leathán oibre a chriochnú";
- a sheiceáil go dtuigeann an dalta a bhfuiltear á rá leis/léi, a f(h) reagairt a bhreathnú agus míthuiscint ar bith a réiteach;
- an dalta a speagadh le straitéisí féinchuidithe a úsáid, m.sh. cleachtadh nó léirshamhlú (visualisation);
- an dalta a spreagadh le cur in iúl duit nach dtuigeann siad. Is féidir seo a dhéanamh ar dhóigh bhriathartha nó neamhbhriathartha, amhail córas 'soilse tráchta'; agus
- am a thabhairt don dalta leis an eolas a phróiseáil. An riail '10 soicind' a chur i bhfeidhm – cuntaiseann an múinteoir go ciúin go dtí 10 le ligean don dalta freagra a chur le chéile.

Teanga Léirithe

Is próiseas é [an teanga léirithe] le focail agus abairtí a chruthú as smaointe, faoi réir rialacha gramadaí agus seamantaice na teanga.

(Cantwell and Baker, 1987)

D'fheadfadh daltaí a bhfuil deacrachtaí teanga léirithe acu:

- abairtí gairide/mí-aibí a úsáid;
- díriú méire nó geatsí a úsáid barraíocht le ciall a chur in iúl;

Comhad Acmhainní do Riachtanais Speisialta Oideachais DEACRACHTAÍ URLABHRA, TEANGA AGUS CUMARSÁIDE

- bheith fadálach a gcur féin in iúl;
- focail ghramadúla amhail 'is', 'agam', 'bhfuil' a fhágáil ar lár nó meancóga a dhéanamh lena leithéid;
- deacrachtaí a bheith acu le himeachtaí nó scéal a athinsint i seicheamh ciallmhar;
- gan bheith in ann abairtí/ceisteanna a chruthú mar is cuí;
- focail a chur san ord contráilte, mar shampla "dul abhaile mé";
- gan bheith in ann teacht ar na focail atá go díreach de dhíth orthu agus is minic sosanna nó ró-úsáid focail líonta spáis amhail 'an dtuigeann tú', 'an rud' in úsáid; agus
- deacrachtaí a bheith acu cur le plé ranga, míniúcháin a thabhairt nó cur síos ar an rud atá siad a dhéanamh.

Straitéisí le Tacú le Páistí a bhFuil Deacrachtaí Teanga Léirithe acu

Ba chóir do mhúinteoirí:

- am a thabhairt don dalta le smaoineamh is gá dóibh a rá, teacht ar na focai chearta agus an abairt a chur i gceann a chéile;
- ceisteanna oscailte a thabhairt;
- leideanna a thabhairt mura dtig leis an dalta smaoineamh ar an fhocal, mar shampla, cad é a dhéanann tú leis? Cá háit a bhfuil sé le fáil? Cén chuma atá air?
- modhanna ilchéadfacha teagaisc a úsáid le cuidiú le cumas an pháiste focail a stóráil agus a athfháil amach anseo nuair a bheifear ag teagasc focalstór úr;

- an méid a dúirt an dalta a athrá, ach na focail chearta agus an ghramadach cheart a úsáid sa dóigh go dtig leo an teanga cheart a chluinstin;
- tógáil ar an mhéid a dúirt an dalta trí fhocail úra nó smaoineamh úr a chur leis;
- a iarraidh ar an dalta an abairt a athrá i do dhiaidh a sheachaint; agus
- críochnú abairtí dalta a sheachaint chomh maith leis na focail nach dtig leo teacht orthu a rá. D'fhéadfadh sé sin frustrachas a chur ar an dalta.

Caithfidh daltaí teanga a úsáid i gcomhthéacs sóisialta chomh maith. Caithfidh siad tuiscint a bheith acu ar rialacha idirghníomhúcháin. Cumhdaítear seo sa chéad mhír eile.

Teanga Phragmatach: Úsáid Shóisialta Theanga

Baineann Teanga Phragmatach le trí phríomhscil chumarsáide:

Teanga a Úsáid	Teanga a Athrú	Cloí le rialacha
----------------	----------------	------------------

Mínítear gach scil acu thíos.

Teanga a Úsáid – nuair a úsáidtear teanga ar chúiseanna éagsúla amhail:

- **beannú** (m.sh. cad é mar atá tú, slán);
- **cur in iúl** (m.sh. tá mé ag dul a fháil greim le hithe);
- **éileamh** (m.sh. tabhair dom deoch);
- **geallúint** (m.sh. tá mé ag dul a fháil greim le hithe duit);
- **iarraidh** (m.sh. ba mhaith liom deoch, le do thoil).

Teanga a athrú – athraítear an teanga de réir riachtanais an ésiteora nó an tsuímh, amhail:

- ní hionann labhairt le piar agus labhairt le duine fásta
- eolas cúlra a thabhairt d'éisteoir nach bhfuil aithne air; agus
- ní hionann labhairt sa rang agus labhairt sa chlós.

Cloí le rialacha – athraítear an teanga i leith comhráite agus scéalaíochta, amhail:

- sealanna a ghlacadh le linn comhrá;
- topaicí comhrá a thabhairt isteach;
- cloí leis an topaic;
- athfhrásáil i gcás míthuisceana;
- an dóigh le comharthaí briathartha agus neamhbhriathartha a úsáid;
- a chónगराई a sheastar do dhuine agus muid ag labhairt; agus
- an dóigh le gothaí gnúise agus teagmháil súl a úsáid.

D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag páistí le:

- ábhar agus treoir (d'ainneoin urlabhra líofa/deise labhartha);
- bheith sonrach, sainiúil;
- tuiscint;
- scileanna súgartha;

- rialacha neamhscríofa comhrá a leanúint;
- gnáthaimh agus imeachtaí scoile;
- úsáid bhéarlagair;
- cumarsáid neamhbhriathartha a thuiscint;
- prosóid (rithim, aiceann agus tuiniocht urlabhra);
- greann;
- a luach a thabhairt do dhearcadh daoine eile;
- ginearálú, mar shampla, cineál amháin iompraíochta a fhoghlaim do shuíomh amháin ach nach dtig an fhoghlaim sin a úsáid i suíomh eile.

Straitéisí le Tacú le Páistí a bhFuil Deacrachtaí Teanga Pragmataí acu

Ba chóir do mhúinteoirí:

- an dalta a spreagadh le héisteacht go gníomhach;
- úsáid beannú do dhaoine agus fágáil slán a chur chun cinn;
- an dalta a spreagadh le comhrá a choinneáil ag dul trí theagmháil súl nó claonadh cinn;
- gan glacadh ach le teanga a bhaineann leis an chomhrá;
- sealanna a ghlacadh a chur chun cinn i gcluichí agus i gcomhraíte;

Comhad Acmhainní do Riachtanais Speisialta Oideachais DEACRACHTAÍ URLABHRA, TEANGA AGUS CUMARSÁIDE

- cur isteach ar bhonn leanúnach nach mbaineann le hábhar a sheachaint; agus
- am freagartha a thabhairt don dalta.

Bíonn neamhord teanga global ar roinnt daltaí agus deacrachtaí acu le teanga ghlaetha agus léirithe araon. Téann neamoidr teanga global i bhfeidhm ar thuiscint agus úsáid teanga araon.

Bíonn na trí ghné a bhaineann le hurlabhra, teanga agus cumarsáid de dhíth le teachtaireachtaí a thabhairt. Tá gach gné acu (úsáid, athrú agus cloí le rialacha) ilghnéitheach iontu féin agus ilchisealach (multi-layered). Má bhíonn cuid ar bith de na gnéithe seo ar iarraidh, is baolach go n-eiríonn an méid a bhíonn le rá ag daltaí trína chéile. Má bhíonn na gnéithe uile i gceist, tig le daltaí a ngnóthachtáil a uasmheádu.

Achoimre ar an Dea-Chleachtas

Ba chóir do mhúinteoirí:

- a chinntiú nach bhfuil moill éisteachta (hearing loss) ar an pháiste;
- ainm an dalta a úsáid lena (h)aird a tharraingt;
- cur amach a bheith acu ar chastacht na teanga atá in úsáid leis an dalta. Tig leis an teanga bheith casta i dtaca le fad na habairte, leis an struchtúr (gramadach) nó leis an fhocalstór a úsáidtear.
- tús a chur le gníomhaíocht trí gach céim a mhíniú, ag úsáid teanga shoiléir shimplí;
- acmhainní amhairc a úsáid a oiread agus is féidir, mar shampla, fíor-réada, pictiúir, grianghraif, fiseáin agus siombailí;
- bheith eolach ar an tairbhe a bhaineann le húsáid ábhair ilchéadfacha;
- seicheamh orduithe a thabhairt agus sos idir gach ordú acu le ham a thabhairt don dalta an t-eolas a phróiseáil;
- aird a tharraingt ar chroífhocail trí bheagán béime agus cumarsáid neamhbhriarthartha a úsáid;
- smaoineamh ar straitéisí amhairc a úsáid nuair a bhíonn focalstór úr á thabhairt isteach, mar shampla, gréasán tréithe, crann ilchiall, damhánagram nó mapa focal;
- smaoineamh ar mheabhairmhapaí a úsáid nuair a bhíonn topaicí á dtabhairt isteach nó á bplé;
- orduithe béil a dhaingniú, nuair is féidir, le ciúnna amhairc, geaitsí agus treocht;

- iarracht a dhéanamh a oibriú amach leis an dalta an bhfuil rud ar bith ráite acu nár tuigeadh trí phictiúir, réada agus buille faoi thuairim a úsáid;
- gan a iarraidh ar dhalta rud a athrá. Is fearr an méid a tuigeadh a athinsint dó;
- breathnú ar fhreagairt an dalta lena chinntiú gur tuigeadh an t-eolas, trína g(h)othaí gnúise, mar shampla;
- ionchais réadúla a bheith acu;
- am a thabhairt dn dalta le labhairt – seans go mbeadh níos mó ama de dhíth ar an dalta le ceist a thuiscint, smaoineamh ar fhreagra agus ansin é a rá;
- gan an abairt a chomhlánú don dalta ach an méid a deir an dalta go soiléir agus go beacht a athrá leis sa dóigh go gcluineann an dalta dea-shamplaí; agus
- iarracht a dhéanamh ceisteanna a spreagann freagra a chur mura dtig le dalta smaoineamh ar fhocal, mar shampla feidhm, associations, cosúlachtaí agus difríochtaí.

Ceisteanna Timpeallachta

- D'fhéadfaí gur ghá coigeartuithe a dhéanamh sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile m.sh. callán agus cur isteach cúlra a laghdú nuair is féidir. Ba chóir bheith eolach ar thionchar taispeántais amhaire .i. d'fhéadfadh siad cur isteach ar aird agus ar éisteach daltaí.
- Ba chóir bheith eolach ar an ualach teanga a bhaineann le gníomhaíocht iomlán ranga. Cruthaíonn tuiscint ar threo an ghrúpa agus plé le cur isteach i suíomh ranga deacrachtaí ar leith do roinnt daltaí a bhfuil fadhbanna teanga acu.
- Is fiú smaoineamh ar an áit a bhfuil an dalta ina s(h)uí sa seomra ranga agus an áit is fearr agus is féidir a chur ar fáil lena chur ar

a c(h)umas teagmháil ghar duine-go-duine a bheith aige/aici leis an mhúinteoir.

- Réimsí faoi leith a chruthú sa seomra ranga faoi choinne acmhainní, réimsí éagsúla foghlama agus trealamh agus coimeádáin a lipéadú go soiléir.

Foghlaim Ghníomhach

- An dalta a spreagadh le straitéisí a úsáid le heolas a phróiseáil – athrá, cleachtadh ciúin, focail thábhachtacha sa treoir a shainaithint. D'fhéadfaí gur ghá iad seo a theagasc nó a eiseamláiriú arís is arís eile.
- An dalta a chur ar an eolas faoi na cuspóirí teagaisc.
- An dalta a chur ar an eolas faoi scileanna maithe éisteachta agus éisteacht ghníomhach a chur chun cinn.
- An dalta a spreagadh leis an mhéid a chuala sé a mhíniú. Bíonn a fhios ag an dalta go seiceálfar a (h)éisteacht, ach tig leis an duine fásta monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal teanga a thuigtear fosta agus é a leasú dá réir.
- Ba chóir daltaí a spreagadh lena gcuid riachtanas a chur in iúl.
- Ba chóir aird an dalta a dhíriú roimh threoracha a thabhairt agus teagmháil súl a chinntiú.
- Ba chóir an dalta a spreagadh le cur in iúl duit nuair nach dtuigeann sé/sí.

Achoimre agus Conclúid

- Is í teanga croí na cumarsáide, na foghlama, na smaointeoireachta agus na cuimhne.

Comhad Acmhainní do Riachtanais Speisialta Oideachais DEACRACHTAÍ URLABHRA, TEANGA AGUS CUMARSÁIDE

- Tá gaol dearfach idir an teanga a labhraítear le páistí agus forbairt teanga páistí.
- Gnóthaítear na torthaí is fearr do pháistí trí pháirtíochtaí idir tuismitheoirí agus daoine gairmiúla.
- Tá ról lárnach ag an timpeallacht i sealbhú scileanna teanga.

Is é is toradh don luath-idirghabháil i gcomhar le rannpháirtíocht tuismitheoirí tairbhe fhadmharthanach (enduring) i ngnóthachtáil acadúil agus oiriúnú sóisialta.

Is cuidiú é plé go hionraic, go híogair agus go hinniúil le tuismitheoirí le caidreamh iontaofa éifeachtúil a fhorbairt idir tuismitheoirí agus daoine gairmiúla. Cuidíonn iarrachtaí, eolas, eispéiris agus spreagadh tuismitheoirí agus daoine gairmiúla le páistí a lánacmhainneacht a fhorbairt.

(Buckley, 2006)

Acmhainní a Mholtar

Teanga Léirithe agus Ghlaetha

Leabhair

Locke, A.(1985) *Living Language and Teaching Talking*. Windsor: NFER Nelson

Martin, D. and Miller, C. (1996) *Speech and Language Difficulties in the Classroom*. London: David Fulton.

McMinn, J. (2002) *Supporting Children with Speech and Language Impairment and Associated Difficulties*. Birmingham: The Questions Publishing Company

Snowling, M. and Stackhouse, J (1995) *Dyslexia, Speech and Language: A Practitioner's Book*. London: Whurr Publications.

Turnbull, J and Stewart, T (1996) *Helping Children Cope with Stammering*. Sheldon Press

Acmhainní

Elklan – Sraith Forbartha Teanga. Acmhainní le tacú le páistí a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide acu. <http://www.elklan.co.uk>

LDA – réimse leathan acmhainní le cuidiú le cuid mhór réimsí oibre urlabhra agus teanga, m.sh. Cártaí Teanga, Éist agus Déan srl. LDA, Duke Street, Wisbech, Cambs. PE132AE

Speechmark Publishing - réimse leabhar agus táirgí.

www.speechmark.net

Winslow Press – réimse acmhainní ar nós Leap into Listening (gníomhaíochtaí éisteachta in-fhótachóipeála). Winslow Press, Goytside Road, Chesterfield S40 2PH.

Úsáid Shóisialta Scileanna Teanga/Pragmataic

Leabhair

Bliss, T and Tetley, J. (1993) Circle Time and Developing Circle Time. Bristol: Lucky Duck Publishers

Gray, C (2000) The New Social Story Book, Arlington, USA: Future Horizons

Mildred, M (1989) Let's Play Together. London. Green Print

Mortimer, H (1998) Learning Through Play – Circle Time. Leamington Spa: Scholastic

Sher, B (1998) Self-Esteem Games. Canada. John Wiley & Sons

Acmhainní

Mad, Sad, Glad game – cártaí grianghraif 'mothúcháin' ó Wimslow Press (ar fáil fosta ó LDA)

Superstickers – suaitheantas ar nós 'I listened carefully'. PO Box 55, 4 Balloo Avenue, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PJ

Social Skills Posters – Good Listening; Good Talking; Good Waiting; Good Asking; Good Thinking. Taskmaster Ltd., Leicester

Teagmhálacha Úsáideacha

AFASIC

1st Floor <http://www.afasicengland.org.uk/>
 20 Bowling Green Lane
 Londain EC1R 0BD 0845 355577

Cranogue House <http://www.afasicnorthernireland.org.uk/>
 19 Derrycourtney Road
 Caledon
 Contae Thír Eoghain BT68 4UF 028 3756 9611

ICAN – CUMANN CARTHANACHTA CUMARSÁIDE NA BPÁISTÍ

Suíomh Idirlín: <http://www.ican.org.uk/>
 R-phost: info@ican.org.uk
 I CAN
 8 Wakley Street
 Londain EC1V 7QE 0845 225 4071

ROYAL COLLEGE OF SPEECH AND LANGUAGE THERAPISTS

Suíomh Idirlín: www.rcslt.org
 R-phost: info@rcslt.org
 2 White Hart Yard
 Londain SE1 1NX 020 7378 1200

Arthur House
 41 Arthur Street
 Béal Feirste BT1 4GB 02890 446385

AN TSEIRBHÍS THACAÍOCHTA SAINOIDEACHAIS

Suíomh Idirlín:

<http://www.sess.ie/>

R-phost:

info@sess.ie

Ionad Tacaíocht Oideachais Chorcaí

The Rectory

Bóthar an Iarthair

Corcaigh

Éire

00 353 1850 200 884

HEALTH AND SOCIAL SERVICES TRUSTS: CHILDREN'S SPEECH AND LANGUAGE THERAPY SERVICES

Belfast HSCT Speech and Language Therapy

Suíomh Idirlín:

<http://www.belfasttrust.hscni.net/SLT.htm>

Béal Feirste Thuaidh agus Thiar

0845 606 6596

Béal Feirste Theas agus Thoir

028 9056 5565

Northern HSCT Speech and Language Therapy

Suíomh Idirlín:

<http://www.northerntrust.hscni.net/>

Ferguson House

57-59 Bóthar

Baile Nua na Mainistreach BT36 6RW

02890 341586

Southern HSCT Speech and Language Therapy

Suíomh Idirlín:

<http://www.southerntrust.hscni.net/>

Child Development Centre

Lurgan Hospital

100 Sloan Street

An Lorgain BT66 8NX

02838 323262

South Eastern HSCT Speech and Language Therapy

Suíomh Idirlín: <http://www.setrust.hscni.net/>

Scrabo Children's Centre
Ards Community Hospital
Church Street

Baile Nua na hArda BT23 4AS

02891 510190

Western HSCT Speech and Language Therapy

Suíomh Idirlín: <http://www.westerntrust.hscni.net/>

Woodview
Gransha Park

Doire BT47 1JG

028 7185 4345

Boird Oideachais agus Leabharlann – Urlabhra agus Teanga

BELB Comet Project

Suíomh Idirlín: <http://www.belb.org.uk/>

40 Academy Street

Béal Feirste BT1 2NQ

02890 564252

SEELB ISACC Project

Suíomh Idirlín: <http://www.seelb.org.uk/>

Grahamsbridge Road

Dún Dónaill BT16 2HS

02890 566200

SELB Language & Communication Service

Suíomh Idirlín: <http://www.selb.org/>

3 Charlemont Place

The Mall

Ard Mhacha BT61 9AX

02837 517820

WELB Language & Communication Service

Suíomh Idirlín: <http://www.welbni.org/>

1 Hospital Road

An Ómaigh BT79 0AW

02882 411305

Foireann Tacaíochta Ildhisciplíneacha do Scoileanna

Belfast Health and Social Care Trust

Children's' Interdisciplinary Support Team (CIDS)

Everton Complex

2 Bóthar Ard Eoin

Bóthar Chromghlinne

BT14 7AW

02890 510523

Northern Health and Social Care Trust

Multi-Agency Support Teams for Schools (MASTS)

Unit 1 Cornstore

Market Street

An Mhuine Mhór

BT45 7PE

02886 747860

Southern Health and Social Care Trust

Action for Children in Education (ACE Team)

Pinewood Villa

Longstone Hospital

Loughgall Road

Ard Mhacha

BT61 7PR

02837 412830

South Eastern Health and Social Care Trust

ASCET Team

8 Moss Road

Baile Gabhann

BT23 6JE

02890 97520941

Western Health and Social Care Trust

Western Education Support Team (WEST)

Spruce Villa

Gransha Park

Doire BT47 1JG

02811 865265/6

Tagairtí agus Léitheoireacht Úsáideach Eile

- AFASIC., 2009. *Including Young People with Speech, Language and Communication Difficulties in Secondary School*. London: Association for Students and Young people with Speech and Language Impairments and Their Families.
- BRITTON, J., 1983. Language and Learning Across the Curriculum. In: P.L. STOCK, ed, *Essays on Theory and Practice in the Teaching of Writing*. Upper Montclair, N.J: Boynton/Cook.
- BUCKLEY, B., 2006. *Children's Communication Skills: From Birth to Five Years*. Abingdon: Routledge.
- CANTWELL, D. and BAKER, L., 1987. *Developmental Speech and Language Disorders*. New York: Guildford Press.
- CASTLE, F., BLAMIRE, M. and TOD, J., 1999. *Individual Education Plans: Speech and language*. London: David Fulton Publishers.
- DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS, 1993. *Report of the Special Education Review Committee: (SERC)*. Dublin: Government of Ireland Stationery Office.
- DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS INSPECTORATE, 2005-last update, An Evaluation of Classes for Pupils with Specific Speech and Language Disorder [Homepage of Government of Ireland Stationery Office]. [Online]. Available: http://www.sess.ie/sites/default/files/SSLD_Report_2005.pdf [22 February 2011]
- DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS., 2007-last update, Circular 0038/2007: Criteria for Enrolment in Special Classes for Pupils with Specific Speech and Language Disorder. [Homepage of Government of Ireland Department of Education and Skills]. [Online]. Available: <http://www.education.ie/home/home.jsp?pcategory=17216&tecategory=29363&language=EN> [22 February 2011]

DOCKRELL, J. and MESSER, D., 1999. *Children's Language and Communication Difficulties*. London: Cassell.

FLEMING, P., MILLER,

C. and WRIGHT, J., 2001. *Speech and Language Difficulties in Education: Approaches to Collaborative Practice for Teachers and Speech and Language Therapists*, Bicester: Speechmark.

GASCOIGNE, M., 2006. *Supporting Children with Speech, Language and Communication Needs Within Integrated Children's Services: Position Paper*. London: Royal College of Speech and Language Therapists.

HAYDEN, S. and JORDAN, E., 2007. *Language for Learning: A Practical Guide for Supporting Pupils with Language and Communication Difficulties Across the Curriculum*. London: David Fulton Publishers.

HSCNI PUBLIC HEALTH AGENCY., 2012-last update, Healthy Child, Healthy Future: Speech and Language Therapy for Pre-School Children: Referral Guidance. [Homepage of HSCNI Public Health Agency], [Online]. Available: http://www.publichealth.hscni.net/sites/default/files/HCHF%20Speech%20and%20language%20for%20children%20FINAL_4.pdf [22 February 2011]

HUMPHRIES, C., 2004-last update, Glossary 15: Expressive Language Difficulties [Homepage of Afasic]. [Online]. Available: www.afasicengland.org.uk/download/15/ [22 February 2011]

LAW, J., 1992. *The Early Identification of Language Impairment in Children*. London: Chapman and hall.

MARTIN, D., *Teaching Children with Speech and Language Difficulties*. London: David Fulton Publishers.

MARTIN, D. and MILLER, C., 1996. *Speech and language Difficulties in the Classroom*. London: David Fulton Publishers.

McMAHON, A. and MULHOLLAND, K., 2007. *Identification Strategies and Activities for Communication in the Classroom (I.S.A.C.C.)*. Dundonald: South Eastern Education and Library Board.

PARTNERSHIP OF EDUCATION PROFESSIONALS., 2005. *Guidelines for a Speech and Language Friendly School*. Swindon: QEd.

RCSLT / ASSOCIATION OF SPEECH AND LANGUAGE THERAPISTS IN INDEPENDENT PRACTICE, 22 February 2011, 2011-last update, **Guidance on Quality Standards for Local Authorities and Schools as Commissioners of Speech and Language Therapy Services in the UK** [Homepage of Royal College of Speech and Language Therapists / Association of Speech and Language Therapists in Independent Practice], [Online].

Available: http://www.rcslt.org/docs/quality_standards_schools_2011.

RIPLEY, K., BARRETT, J. and FLEMING, P., 2001. *Inclusion for Children with Speech and Language Impairments: Accessing the Curriculum and Promoting Personal and Social Development*. London edn. David Fulton Publishers.

RUSTIN, L., COOK, F., BOTTERILL, W., HUGHES, C. and KELMAN, E., 2001. *Stammering: A Practical Guide for Teachers and Other Professionals*. London: David Fulton Publishers.

SCOTLAND, 2010-last update, Guidance on partnership working between allied health professions and education [Homepage of Scottish Government], [Online]. Available: <http://www.scotland.gov.uk/Resource/Doc/313416/0099357.pdf> [22 February 2011]

STUART, L., WRIGHT, F., GRIGOR, S. and HOWEY, A., 2002. *Spoken Language Difficulties: Practical Strategies and Activities for Teachers and Other Professionals*. London: David Fulton Publishers.

THOMPSON, G., 2003. *Supporting Communication Disorders: A Handbook for Teachers and Teaching Assistants*. London: David Fulton Publishers.

WESTWOOD, P.J., 2003. ***Commonsense Methods for Children with Special Needs: Strategies for the Regular Classroom***. London: RoutledgeFalmer.

WRIGHT, J.A. and KERSNER, M., 1998. *Supporting Children with Communication Problems: Sharing the Workload*. London: David Fulton.

YOUTH JUSTICE AGENCY. and ROYAL COLLEGE OF SPEECH AND LANGUAGE THERAPISTS., 2009. Locked Up and Locked Out: Communication is the key: A report of a conference to raise awareness of the communication support needs of young offenders within the criminal justice system in Northern Ireland, 30 June 2009, Royal College of Speech and Language Therapists.

Admhálacha

Clare Evans

Oifigeach Cúnta Comhairleach
Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt

David Ryan

Comhairleoir – Sainriachtanais Oideachais agus Cuimsiúchán
Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste

Alison McCullough, MBE

Oifigeach Réigiúnach Polasaí
Royal College of Speech and Language Therapists

